Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5328/23**

**STATIS 4**
**COMPET 23**
**DELACT 4**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 9242 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 26.12.2022 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 9242 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 9242 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.12.2022
C(2022) 9242 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.12.2022**

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003, bunaíodh aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS)[1]. Fágann an t-aicmiú gur féidir staidreamh réigiúnach comhchuibhithe a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh san Aontas, agus tá sé ar aon dul, den chuid is mó, le struchtúr críochach na mBallstát.

Faoi Airteagal 5(4) den Rialachán seo, ní mór leasuithe ar aicmiú NUTS a ghlacadh sa dara leath den bhliain féilire, agus ní minice ná gach 3 bliana de ghnáth.

Rinneadh aicmiú NUTS a leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019[2].

De réir na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, tá athrú tagtha ar fhoroinnt chríochach roinnt Ballstát ó rinneadh aicmiú NUTS a leasú go deireanach.

Chun na hathruithe sin a léiriú, d'iarr an Coimisiún (Eurostat) ar na Ballstáit i mí Mheán Fómhair 2021 a dtograí réasúnaithe a sheoladh, faoi mhí Feabhra 2022, chun an t-aicmiú NUTS atá ann faoi láthair a athrú. Leis an Rialachán Tarmligthe seo, leasófar Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ar bhonn na dtograí ó na Ballstáit lena mbaineann agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, go háirithe Airteagal 5.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúchán, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, le linn na hoibre ullmhúcháin don ghníomh tarmligthe seo.

Áirítear ar na páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo comhaltaí an ghrúpa saineolaithe maidir le 'Staidreamh Forbartha Réigiúnaí, Uirbí agus Tuaithe' agus stiúrthóirí 'staidrimh agus cuntas earnála agus comhshaoil' (DIMESA), a ndeachthas i gcomhairle leo trí nós imeachta i scríbhinn i mí an Mheithimh 2022.

Ar deireadh, chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh' (NSIanna CSE) i mí Mheán Fómhair 2022, agus chomhaontaigh sé leis na hathruithe chomh maith.

Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is bunús don rialachán tarmligthe seo an cumhachtú a thugtar don Choimisiún in Airteagal 3(4), Airteagal 4(1), Airteagal 5(4) agus Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

---

1 IO L 154, 21.6.2003, lch. 1.

2 Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 270, 24.10.2019, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2017/2391 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet) (IO L 350, 29.12.2017, lch. 1).

Is é is aidhm don rialachán tarmligthe na hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a leasú.

Baineann Iarscríbhinn I le haicmiú NUTS (cód – ainm), baineann Iarscríbhinn II leis na haonaid riaracháin atá ann cheana agus baineann Iarscríbhinn III leis na haonaid riaracháin atá níos lú.

Tá na hathruithe ar aicmiú NUTS (Iarscríbhinní I-III) bunaithe ar na tograí a chuir na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) agus tá siad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, go háirithe Airteagal 5.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.12.2022**

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú[4], agus go háirithe Airteagal 3(4), Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, bunaítear aicmiú comhchoiteann na n-aonad críochach chun bailiú, tiomsú agus scaipeadh staidrimh réigiúnaigh chomhchuibhithe san Aontas a chumasú.

(2) Sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 liostaítear na haonaid chríochacha atá le húsáid le haghaidh staidrimh.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, ní mór leasuithe ar aicmiú NUTS a ghlacadh sa dara leath den bhliain féilire, agus ní minice ná gach 3 bliana de ghnáth.

(4) Rinneadh aicmiú NUTS a leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/1755 ón gCoimisiún ([5]).

(5) De réir na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, tá athrú tagtha ar fhoroinnt chríochach roinnt Ballstát ó rinneadh aicmiú NUTS a leasú go deireanach.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.

---

4 IO L 154, 21.6.2003, lch. 1.

5 Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 270, 24.10.2019, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le tarchur sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26.12.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*